Breatimeacht agus an Tuaisceart

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin tionchar a bheidh ag Breatimeacht ar Thuaisceart Éireann. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin ábhar leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

1. *huge influence* _____
2. *border* _____
3. *speech* _____
4. *Prime Minister* _____
5. *in the European Union* _____
6. *The United Kingdom* _____
7. *economy* _____
8. *instability* _____
9. *to all appearances* _____
10. *duty, due* _____
11. *obstacle* _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos.

1. Cad a dúirt Theresa May ina hóráid?

2. Cad iad cuid de na ceisteanna a chuireann imní ar mhuintir an Tuaiscirt?

3. Cad a bhí le rá ag na daoine seo?

   Ruairí de Hál, Dominic Bradley agus **Jarlath Burns**

Ceist 4 '…*ag dul ó thuaidh*…' agus '…*ag teacht aduaidh*…'

A. Cad faoi na cinn seo anois?

An deisceart
- ag dul _____
- ag teacht _____

An t-oirthear
- ag dul _____
- ag teacht _____

An t-iarthar
- ag dul _____
- ag teacht _____

B. Abair leis an duine in aice leat cá mbeidh tú ag dul an deireadh seachtaine seo chugainn agus i rith an tsamhraidh. Bain úsáid as na frásaí faoi chuid A thuas. Mar shampla:

- *Beidh mé ag dul soir go Baile Átha Cliath ar an Aoine.*
- *Beidh mé ag dul ó thuaidh go Béal Feirste i mí Iúil ar feadh seachtaine.*

Ceist 5 Níl aon fhocail sa Ghaeilge a fhreagraíonn go díreach do *yes* agus *no* an Bhéarla. Is é a dhéantar ná go mbaintear úsáid as an mbriathar atá sa cheist chun freagra dearfach nó diúltach a thabhairt. Mar shampla:

An maith leat Bruce Springsteen?
Is maith. ***nó*** *Ní maith.*

An dtéann tú isteach go dtí lár na cathrach gach lá?
Téim./Téann. ***nó*** *Ní théim./Ní théann.*

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí na ceisteanna seo thíos ar a chéile. Tugaigí freagra gonta dearfach nó diúltach ar dtús, agus ansin cuirigí breis eolais leis na freagraí sin. Tá an chéad cheann déanta duit.

An maith leat ceol clasaiceach?
Ní maith. Sílim go bhfuil an ceol clasaiceach leadránach. B'fhearr liom rac-cheol.

1. An duine mór spóirt tú?
2. An bhfuil aon dartháireacha nó deirfiúracha agat?
3. An seinneann tú aon uirlis cheoil?
4. An lá fuar é inniu?
5. An bhfuil tú ag déanamh a lán staidéir i mbliana?
6. An ndeachaigh tú amach ag an deireadh seachtaine?
7. An raibh tú riamh sa Spáinn?
8. An mbeidh tú ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
9. An itheann tú feoil?
10. Ar mhaith leat cupán tae?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. I do thuairim féin, cén tionchar a bheidh ag Breatimeacht ar an Tuaisceart?

2. Cén fáth ar vótáil 52% de phobal na Ríochta Aontaithe ar son Breatimeachta, dar leat?

3. Vótáil 56% de phobal Thuaisceart Éireann in éadan Breatimeachta. Ar cheart go mbeadh Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann aontaithe mar sin, meas tú?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

1. *huge influence*	tionchar ollmhór
2. *border*	teorainn
3. *speech*	óráid
4. *Prime Minister*	Príomh-Aire
5. *in the European Union*	san Aontas Eorpach
6. *The United Kingdom*	An Ríocht Aontaithe
7. *economy*	geilleagar
8. *instability*	míshocracht
9. *to all appearances*	de réir cosúlachta
10. *duty, due*	dleacht
11. *obstacle*	constaic

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
An deisceart
- ag dul *ó dheas*
- ag teacht *aneas*

An t-oirthear
- ag dul *soir*
- ag teacht *anoir*

An t-iarthar
- ag dul *siar*
- ag teacht *aniar*

Ceist 5
1. An duine mór spórt tú?
   - Ní hea. Is fuath liom spórt.
   - Is ea. Imrím peil agus leadóg agus téim ag rith gach lá.

2. An bhfuil aon deartháireacha nó deirfiúracha agat?
   - Tá. Tá dearthár amháin agam agus beirt deirfiúracha.
   - Níl. Is páiste aonair mé.

3. An seinneann tú aon uirlis cheoil?
   - Seinnim./Seinneann. Seinnim an pianó.
   - Ní sheinnim./Ní sheinneann. Níl aon suim agam sa cheol.

4. An lá fuar é inniu?
   - Is ea. Níl sé ach trí chéim Celsius.
   - Ní hea. Tá an ghrian ag soilsiú.

5. An bhfuil tú ag déanamh a lán staidéir i mbliana?
   - Tá. Níl an dara rogha agam.
   - Níl. Caithfidh mé tosú go luath, áfach.

6. An ndeachaigh tú amach ag an deireadh seachtaine?
   - Chuaigh. Bhí cóisir mhór ag cara liom.

- Ní dheachaigh. Bhí barraíocht oibre le déanamh agam.

7. An raibh tú riamh sa Spáinn?
   - Bhí. Chaith mé coicís i Maidrid anuraidh.
   - Ní raibh. Ba bhreá liom dul ann lá breá éigin.

8. An mbeidh tú ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
   - Beidh, cinnte. Beidh mé ag dul go Dún na nGall mar is gnách.
   - Ní beidh. Níl go leor airgid agam.

9. An itheann tú feoil?
   - Ithim./Itheann. Is breá liom mairteoil.
   - Ní ithim./Ní itheann. Is feoilséantóir/veigeatóir mé.

10. Ar mhaith leat cupán tae?
    - Ba mhaith, go raibh maith agat.
    - Níor mhaith. Bhí cupán agam cúig nóiméad ó shin.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Áit amháin a mbeidh tionchar ollmhór ag imeacht na Breataine ón Aontas Eorpach uirthi[1] ná Tuaisceart Éireann agus na ceantrachaí[2] ar fad cois teorann. Thug ár dtuairisceoir Máire Treasa Ní Cheallaigh cuairt ar Dhún Dealgan agus ar Iúr Cinn Trá[3] le tuairimí mhuintir na háite a fháil.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Ina hóráid inniu, dúirt Príomh-Aire na Breataine, Theresa May, nach raibh sí ag iarraidh go mbeidís sa gcás[4] go mbeadh cois[5] amháin ag an mBreatain san Aontas Eorpach agus cois eile taobh amuigh. Bhuel, anseo ar an teorainn, tá cois amháin agamsa sa Ríocht Aontaithe agus tá an chois eile fágtha agam san áit a bheas ag fanacht san Aontas Eorpach. Ach rud amháin atá mar a chéile ná go mbeidh an dá thaobh imníoch faoi céard atá i ndán.

Céard faoi chead taistil? Céard faoin ngeilleagar? Go leor ceisteanna agus gan mórán freagraí, a dúirt fear gnó amháin linn i nDún Dealgan inniu.

Ruairí de Hál, Dún Dealgan
Má bhíonn teorainn chrua ann, déanfaidh sé an-dochar don bhaile seo. Mar, leis na blianta, bhí nós ag daoine dul ó thuaidh agus daoine ag teacht aduaidh agus nuair a thagann siad anseo ón Tuaisceart caitheann siad méid ama….méid áirithe airgid, *so* má bhíonn an teorainn chrua ann, beidh deireadh leis sin den chuid is mó.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
In Iúr Cinn Trá, tá déanta go maith anseo le blianta beaga mar gheall ar luach na steirlinge[6] in aghaidh an euro. Tá imní ann go mbeidh drochthionchar ag an mBreatimeacht agus míshocracht na steirlinge[6] ar an ngeilleagar anseo.

Dominic Bradley, Iar-Bhall de Chomhthionól Thuaisceart Éireann
De réir cosúlachta, beidh dleacht éigin ar earraí arís, is cuma cén bealach a mbeidh siad ag dul, agus is tubaiste é sin do chúrsaí trádála. Agus tá fearg ar dhaoine anseo toisc gur vótáil muintir an Tuaiscirt fanacht sa Chomhaontas.

Jarlath Burns, Príomhoide, Ardscoil Naomh Pól
Má amharcann tú air anois, mótarbhealach mór a chosnaigh[7] cuid mhaith le hairgead a tháinig ón Eoraip. Agus anois, tá ag éirí go han-mhaith leis an dá bhaile mhóra sin mar gheall air sin agus mar gheall ar an dóigh nach bhfuil constaic ar bith idir an teorainn. Má tharlaíonn Breatimeacht crua anois, cuirfidh sé go mór i bhfeidhm, go diúltach, ar mhuintir na háite seo.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Is cosúil go bhfuil go leor de dhaoine ar an teorainn anseo, cheana féin ar imeall na Breataine, ag mothú níos imeallaithe.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4 in Iúr Cinn Trá.

---

[1] *air* a deirtear
[2] *ceantair* an leagan caighdeánach
[3] *An tIúr* an leagan oifigiúil
[4] Córas Chonnacht
[5] *cos* an leagan caighdeánach
[6] *an sterling* a deirtear
[7] *chosain* an leagan caighdeánach